Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

12064/23

LIMITE

CORLX 776
CFSP/PESC 1114
RELEX 945
MAMA 124
COARM 203
CONUN 206
FIN 828

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011[1], agus go háirithe Airteagal 21 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 12, 19.1.2016, lch.1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) Ag eascairt as an mbreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-413/21 P[1], ba cheart iontráil a bhaineann le duine amháin atá liostaithe a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Aibreán 2023, *Comhairle an Aontais Eorpaigh v. Aisha Muammer Mohamed El-Qaddafi,* Cás C-413/21 P, ECLI:AE:C:2023:306.

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1)), Cuid A (Daoine), scriostar an iontráil seo a leanas:

'9. Ainm: 1: AISHA 2: MUAMMAR MUHAMMED 3: ABU MINYAR 4: QADHAFI

Teideal: n/b Ainmniú: n/b Dáta breithe: 1 Eanáir 1978 Áit bhreithe: Tripilí, an Libia Comhainm ar ardcháilíocht: Aisha Muhammed Abdul Salam (Uimhir phas na Libia: 215215) Comhainm ar cháilíocht íseal: n/b Náisiúntacht: n/b Uimhir phas: a) Uimhir Oman 03824970; a eisíodh an 4 Bealtaine 2014, a eisíodh in Muscat, Oman (Dáta éaga: an 3 Bealtaine 2024) b) An Libia 428720 c) B/011641 Uimhir aitheantais náisiúnta: 98606612 Seoladh: Sultanate of Oman (Stádas/suíomh measta: Sultanate of Oman) Liostaithe: an 26 Feabhra 2011 (arna leasú an 11 Samhain 2016, an 26 Meán Fómhair 2014, an 21 Márta 2013, an 2 Aibreán 2012, an 25 Feabhra 2020) Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/ga/notice/search/un/5525815'.

PUBLIC